Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2024

Stair

Aonad Measúnaithe A2 2
Fiosruithe agus
Léirmhínithe Stairiúla

AHY21

[AHY21]

DÉ HAOINE 7 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

2 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **trí** cheist as an rogha agat. Freagair Ceist **1**, Ceist **2** agus **ceachtar acu** Ceist **3(a)** nó **3(b)**.
Níl ach **Rogha 4** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Léirigh go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é a an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3**.

Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

Freagair Ceist **1 agus** Ceist **2 agus** ceachtar acu Ceist **3(a) nó 3(b)**.

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

Cúiseanna leis an tSos Cogaidh i gCogadh Angla-Éireannach 1919–1921

Foinse 1
Sliocht as miontuairiscí ó chruinniú de Chomh-Aireacht na Breataine, 30ú Aibreán 1920. Sa chruinniú, insíonn an Tiarna French, Fear Ionaid an Rí in Éirinn, do Lloyd George agus Bonar Law faoi chúrsaí in Éirinn le linn an Chogaidh Angla-Éireannaigh.

> Déanfaidh muid sos cogaidh leis na reibiliúnaigh, sin nó cuirfidh muid bearta i bhfeidhm ina gcoinne ó tharla gur fhógair siad cogadh orainn. Ba chóir dúinn fiafraí de Shinn Féin cad é atá siad ag iarraidh agus an bhféadfadh muid a n-éilimh a chomhlíonadh. Shíl Sinn Féin go ngéillfeadh muid i ndiaidh an bhua a bhí acu san Olltoghchán in 1918. Bhunaigh siad a bparlaimint féin agus chuaigh siad i dteagmháil le cumhachtaí eachtrannacha, ach níor tharla rud ar bith. I mí Mheán Fómhair 1919, ghabh na míleataigh ceannasaíocht ar Shinn Féin, mar gur chreid siad go mbainfeadh siad torthaí níos fearr amach ná mar a bhain na measarthaigh. Mhéadaigh neart na heagraíochta agus ní féidir fáil réidh léi anois ach le lámh láidir. Tá an lámh in uachtar ag na reibiliúnaigh mar úsáideann siad modhanna cogaidh nach bhfuil ar fáil againne. Níl an dara rogha againn i láthair na huaire ach deireadh a chur leis an fhoréigean agus deireadh a chur le daoine a ghabháil mar atá ar bun againn agus dul isteach i gcomhdháil agus féachaint an féidir teacht ar shocrú de chineál éigin.

Foinse 2
Sliocht as litir oifigiúil ó David Lloyd George, Príomh-Aire na Breataine chuig Éamon de Valera, Deireadh Fómhair 1921. Tá sé ag tabhairt cuireadh dó tús a chur le hidirbheartaíochtaí a mbeadh Conradh Angla-Éireannach ann dá mbarr.

> Teastaíonn ó Rialtas na Breataine nach obair in aisce é achainí an Rí go mbeadh athmhuintearas in Éirinn. In áit deis eile fós a chur amú le réiteach a fháil in Éirinn, déanann muid achainí dheiridh inniu ar chomhdháil idir muid féin agus na hionadaithe ó Dheisceart agus Tuaisceart na hÉireann. Mar sin de, tugaim cuireadh duit agus do Sir James Craig freastal ar chomhdháil i Londain le fiosrú a dhéanamh ar an fhéidearthacht teacht ar réiteach. Iarraim ort comhghleacaí ar bith a thabhairt leat a chuideoidh leat sna hidirbheartaíochtaí seo. Tabharfaidh an Rialtas coimirce aistir dóibh siúd a fhreastalaíonn ar an chomhdháil. Tugann muid an cuireadh seo leis an dóchas go mbeidh deireadh leis an choimhlint in Éirinn agus go bhfeabhsódh an caidreamh idir an dá mhuintir s'againne. Ba mhór an tábhacht a bheadh leis sin, ní hamháin don Impireacht, ach don chine dhaonna.

1 (a) Úsáid Foinse 1 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.

Cé chomh luachmhar agus atá Foinse 1 ag staraí mar fhianaise ar staidéar ar na cúiseanna leis an tsos cogaidh i gCogadh Angla-Éireannach 1919–1921? [15]

(b) Úsáid Foinse 1 agus Foinse 2 agus aon fhianaise eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

Cé chomh mór agus atá na foinsí ag tacú leis an dearcadh gurb é an brú a bhí ar Rialtas na Breataine an phríomhchúis a bhí leis an tsos cogaidh i gCogadh Angla-Éireannach 1919–1921? [20]

Freagairt Craig ar na Dúshláin a bhí Roimh Thuaisceart Éireann 1921–1925

Léirmhíniú A
Sliocht as A. Jackson, *Ireland 1798–1998*, foilsithe in 1999.

Ba é James Craig an duine ba thábhachtaí maidir le rath luath stát Thuaisceart Éireann idir 1921 agus 1925. Ní raibh an stát nua bunaithe ar chomhthoil pholaitiúil agus bhí sé ag brath go mór ar an Bhreatain sna blianta luatha maidir lena chobhsaíocht. Ba é James Craig a bhí ina Phríomh-Aire ar an stát nua seo. Is ar éigean a d'ullmhaigh a ghairm bheatha luath é mar is ceart dá ról nua, ach ba iad na scileanna céanna a thabhaigh clú agus cáil dó i saol na polaitíochta a bhí freagrach fosta as an rath a bhí air i dtús a shaoil. Ba é an bhagairt ón *IRA* an dúshlán ba mhó a bhí roimhe, ach chuaigh a rialtas i ngleic go héifeachtach le ráigeanna foréigin ón *IRA* in 1921 agus ionsaí ní ba leanúnaí go luath in 1922. Ba é an úsáid a bhain Craig as Constáblacht Speisialta Uladh an fáth ba thábhachtaí leis an rath seo. Bhain a rialtas úsáid fosta go rathúil as Acht na gCumhachtaí Speisialta *(Special Powers Act)* a bhí thar a bheith dian, leis an tsíocháin a choinneáil agus ceartas a chaomhnú. Tháinig sraith orduithe ina dhiaidh seo, lena n-áirítear imtheorannú, cuirfiúnna agus sciúrsálacha. Cuireadh na pionóis sin i bhfeidhm go mór ar an mhionlach náisiúnach ach chonacthas do Craig gur rath é seo maidir leis an *IRA* a shárú agus an stát nua a dhaingniú.

Léirmhíniú B
Sliocht as R. Rees, *Ireland 1905–25*, foilsithe in 1998.

Nuair a osclaíodh Parlaimint Thuaisceart Éireann ar an 22 Meitheamh 1921, bhí ábhar misnigh go fírinneach ag Craig don todhchaí. Mar sin féin, ní raibh bunús leis an mhisneach seo mar theip ar chuid mhór dá pholasaithe. Ba í an cheist ba phráinní ag a rialtas ná déileáil le ráig úr d'fhoréigean seicteach, rud a léirigh na scoilteanna a bhí ann i sochaí Uladh. Ba é Constáblacht Speisialta Uladh a chur amach an fhreagairt a bhí ag Craig, réiteach a raibh gá leis cionn is gur theip air socrú polaitíochta a fháil le de Valera nó Collins. Chuir costas na slándála brú mór ar chúrsaí airgid an chúige, a bhí faoi strus cheana féin. Ba thubaiste don gheilleagar iad an ranníocaíocht Impiriúil, Baghcat Bhéal Feirste agus árachas dífhostaíochta i dtír bheag ina raibh an dífhostaíocht chomh hard sin. Theip ar Craig fosta mionlach míshásta na gCaitliceach a láimhseáil. Leithcheal, imtheorannú, úsáid Acht na gCumhachtaí Speisialta *(Special Powers Act)* agus an ról a bhí ag na B-Speisialtaigh, chuir siad sin uilig leis na scoilteanna sa tsochaí agus neartaigh an diongbháilteacht sa mhionlach Chaitliceach gan tacú leis an stát úr. Chuir Craig le heasaontas na náisiúnaithe arís nuair a tugadh Bille an Rialtais Áitiúil isteach in 1922. Cuireadh le heasaontas na náisiúnaithe arís eile nuair a chuir a ghníomhartha deireadh leis an bhagairt ó Choimisiún na Teorann faoi 1925.

2 **Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.**

Na léirmhínithe agus do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu de na léirmhínithe difriúla seo is inchreidte dar leat, maidir le freagairt Craig ar na dúshláin roimh Thuaisceart Éireann sa tréimhse 1921–1925? [25]

3 Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

Ceachtar acu

(a) "Ba é an Rialtas Liobrálach faoi Asquith ba mhó a bhí freagrach as an ghéarchéim a bhain leis an Tríú Bille um Rialtas Dúchais sa tréimhse suas le Meán Fómhair 1914." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an ráiteas seo? [20]

Nó

(b) "Ba í an phríomhchúis le hÉirí Amach na Cásca 1916 ná idé-eolaíocht a cheannairí." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [20]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

14294.02/4